



Coirib go Cósta

Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Nuachtlitir Tionscadail

Nuachtlitir
uimh
02

Deireadh Fómhair 2021



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



OPW
Oifig na
«Oibreacha Poiblí»
Office of Public Works



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

ARUP

Réamhrá

Ó foilsíodh an Nuachtlitir tionscadail deireanaí (Bealtaine 2021), tá an grúpa stiúrtha ag obair go leanúnach ar fhorbairt na scéime.

Reáchtáladh an chéad Lá Rannpháirtíochta Phoiblí ar líne ar 1 Meitheamh 2021. Fuarthas aiseolas ó roinnt de na rannpháirtithe, agus bhí an t-aiseolas sin an-úsáideach chun comhairle a thabhairt don fhoireann tionscadail ar shaincheistanna a bhaineann le tuithe i gCathair na Gaillimhe.

Cuireadh roinnt suirbhéanna i gcrích cheana féin nó tá siad ar bun, agus beidh níos mó á soláthar san míonna atá romhainn.

Tá an anailís hidreolaíoch don scéim ar bun tar éis suirbhé tomhsaireachta hidriméadrach a dhéanamh ar Abhainn an Chláir agus Abhainn na Gaillimhe.

Lá Rannpháirtíochta Phoiblí

Reáchtáladh an chéad Lá Rannpháirtíochta Phoiblí (LCP) ar líne ar 1 Meitheamh 2021, agus cuireadh síneadh leis an tréimhse chun aighneachtaí a chur isteach i ndiaidh an imeachta go dtí 7 Iúil 2021.

Bhí slua maith i láthair ag an imeacht – san iomlán bhí 287 cuairteoir i láthair sa seomra rannpháirtíochta fhíorúil le linn na tréimhse rannpháirtíochta.

Cuireadh eolas luachmhar ar fáil le linn an Lae Rannpháirtíochta Phoiblí, lena n-áirítear píosa scannánaíochta ó imeachtaí tuithe a tharla roimhe seo; cuireadh tuairimí in iúl ar na srianta comhshaoil agus ar na cúiseanna imní atá ag daoine agus ar na réimsí a bhfuil gá iad a fheabhsú, dar leo.

Cuirfeadh an t-eolas go léir a bailíodh san áireamh nuair a bheidh an Fhorbairt ar Roghanna do na scéimeanna ar siúl. Reáchtálfar an dara Lá Rannpháirtíochta Phoiblí ar Dhréachtroghanna sa bhliain 2022.

“Reáchtáladh an chéad Lá Rannpháirtíochta Phoiblí ar líne ar 1 Meitheamh 2021”

Suirbhéanna

Rinneadh suirbhé ar Speicis Ionracha i mí Iúil 2021. Tá roinnt suirbhéanna timpeallachta agus réamhsuirbhéanna ar bun faoi láthair, lena n-áirítear suirbhéanna éiceolaíochta, éiceolaíochta uisceach agus seandálaíochta. Déanfar suirbhé éan geimhridh sna míonna atá romhainn.

Rinne Murphy Geospatial suirbhé stáisiúin thomhsaireachta hidriméadrach ar Abhainn an Chláir i mBaile Chláir agus ar Abhainn na Gaillimhe ag Droichead Wolfe Tone. Úsáidfear an t-eolas seo mar bhunús don mheasúnacht hidreolaíoch don scéim Coirib go Cósta, agus cinnteoidh sé go mbeidh an meastachán sreafa dearaidh chomh cruinn agus chomh láidir agus is féidir.

Tá suirbhéanna topagrafacha, cosanta tuilte agus tairsigh réadmhaoine á dtabhairt chun críche freisin ag Murphy Geospatial agus beidh siad críochnaithe go luath. Is é cuspóir na suirbhéanna seo ná airde talaimh, ar a mbunófar dearadh na scéime, a ghabháil agus a dheimhniú.

Tá suirbhéanna ar bun faoi láthair ag Amelio Utilities Ltd ar thóchair agus ar pháibáin uisce stoirme i lár Chathair na Gaillimhe, tóchar Sruifnacashlaun san áireamh. Úsáidfear na sonraí ón suirbhé seo mar bhunús do mhúnla hiodrálach na scéime.



Tionchar an Chóróinviris (COVID-19)

Ionas go gcomhlíonfar treoir an rialtais maidir leis an bpaindéim COVID-19, buaileann an Grúpa Stiúrtha Coirib go Cósta (ina bhfuil OOP, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Arup agus Hydro Environmental Ltd) le chéile ag baint úsáide as áiseanna físchomhdhála.

Agus iad i mbun gníomhaíochtaí suirbhé, leanann gach conraitheoir an treoir COVID-19 is deireanaí ón rialtas maidir le sláinte agus sábháilteacht agus déanfaidh siad amhlaidh amach anseo.

Na Chéad Chéimeanna eile:

Suirbhéanna: Chomh maith leis na suirbhéanna atá ar siúl agus atá curtha i gcrích, déanfar suirbhéanna ar dhraenáil agus ar fhóntais san fhómhair. Déanfar suirbhé éan geimhridh freisin sna míonna atá romhainn.


Anailís Hidreolaíoch: Táthar ag súil go mbeidh an anailís hidreolaíoch críochnaithe roimh Feabhra 2022.

Anailís Hidreolaíoch: Cuireadh tús i Meán Fómhair 2021 le hanailís hidreolaíoch ar mhéid na dtuilte reatha. Cuirfear i gcrích é go luath in 2022. Ina dhiaidh sin, déanfar forbairt ar roghanna le haghaidh faoisimh ó thuilte agus ar an múnla hidreolaíoch a ghabhann leis.

Measúnacht Timpeallachta: Tá roinnt suirbhéanna timpeallachta déanta agus úsáidfear iad mar bhunús don Staidéar ar Shrianta agus ar Dheiseanna, ar cuid lárnach é den phróiseas forbartha ar roghanna.

Ceardlann Chomhoibrithe Tosaigh: Reáchtáladh an ceardlann seo ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus bhí ionadaithe ó roinnt eagraíochtaí páirtithe leasmhara i láthair. Ba é cuspóir na ceardlainne ná saincheisteanna, srianta agus deiseanna a shainithint agus a phlé, ar a bhféadfaí forbairt na Scéime a bhunú, agus féachaint an bhféadfadh an Scéim buntáistí eile a chruthú agus/nó freastal ar spriocanna eile chomh maith leis an riosca i gcás tuilte a bhainistiú.

Amlíne Achomair don Tionscadal



Foilseofar an t-eolas ar fad maidir leis an scéim/tionscadal ar www.coiribgocosta.ie

Tá Tábhacht ag baint le do Thuairim

Má tá aon eolas agat a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don fhoireann tionscadail (e.g. píosa scannánaíochta ar imeachtaí tuilte roimhe seo), téigh i dteagmháil linn trí úsáid a bhaint as ár sonraí teagmhála.



Eolas Breise & Sonraí Teagmhála

Tá tuilleadh eolais maidir leis an dul chun cinn foriomlán atá déanta chomh maith le míreanna nuachta reatha agus tuarascálacha tionscadail, le fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail Coirib go Cósta. Is féidir teagmháil a dhéanamh freisin leis an bhfoireann tionscadail ag na seoltaí a leanas:

Seoladh Ríomhphoist: 
coiribgocosta@arup.com

Seoladh Poist: 
**Arup – Galway City Flood Relief Scheme
Project Manager
Corporate House,
City East Business Park, Ballybrit
Galway
H91 K5YD
Phone No.: (091) 894700**

www.coiribgocosta.ie

Foilseofar gach eolas a bhaineann leis an tionscadal scéime ar: www.coiribgocosta.ie